


**Comhthuarascáil ón
gCigireacht Oideachais
agus Oiliúna agus ó
Chigireacht na Roinne
Oideachais agus Scileanna
faoin Uimhearthacht a Chur
Chun Cinn agus a
Fheabhsú in Iar-
Bhunscoileanna**

Aibreán 2015



AN CHIGIREACHT



Providing Inspection Services for

Department of Education
Department for Employment and Learning
Department of Culture, Arts and Leisure

**CUSTOMER
SERVICE
EXCELLENCE**

Gluais na ngiarrúchán agus na téarmaíochta a úsáidtear i sleachta tráchtairachta agus sa tuarascáil

McF	Measúnú chun Foghlama
tógálacha leabhar	Próiseas ina ndéantar faireachán ar obair na ndaltaí i leabhair obair bhaile/i leabhair obair ranga/i gcóipleabhair agus ina gcuirtear aiseolas cuí ar fáil don mhúinteoir
CASS	An tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam
CAT	Triail Chumas Cognaíochta
CCEA	Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann
CIC	Cúrsa Tosaigh Coiteann - an cúrsa coiteann matamaitice do dhaltaí 1 ^ú bhliana sa tSraith Shóisearach
DCG	Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
DE	An Roinn Oideachais
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
ETI	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
Cumas Airgeadais	Aidhm an churaclaim sa Tuaisceart is ea cumas airgeadais daltaí a fhorbairt agus tá freagracht ar mhatamaitic as an-chuid de na scileanna a bhaineann leis an aidhm sin a fhorbairt
GCE	An Teastas Ginearálta Oideachais - féach Aguisín 2
GCSE	An Teastas Ginearálta Meánoideachais - féach Aguisín 2
GeoGebra	Bogearraí dinimiciúla foinse oscailte do mhatamaitic
Have You Got Maths Eyes? (An bhfuil Súile Mata agat?)	Tionscnamh sa Deisceart arb é is aidhm dó ‘íomhá dhearfach de mhatamaitic a fhorbairt’
CR	Ceann Roinne
TFC	Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
IEP	Plean Oideachais don Dalta Aonair
INSET	Oiliúint inseirbhíse
KS	Eochairchéim - féach Aguisín 2
LDCC	Leibhéal Dul Chun Cinn - leibhéal ghnóthachtála le haghaidh Úsáid na Matamaitice a mheasúnú, agus iad curtha in iúl do thuismitheoirí ag deireadh Eochairchéim 1, Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3
Mathématiques sans Frontières	Comórtas Eorpach matamaitice
Clár Athdheise	Clár idirghabhála uimhearthachta sa Tuaisceart a bhfuil tacaíocht an Bhoird Oideachais agus Leabharlainne leis
Dúshláin Mhatamaitice	Sraith comórtas matamaitice a reáchtálann Iontaobhas Matamaitice na Ríochta Aontaithe
MyMaths, Numeracy Workout, MathsWatch	Pacáistí bogearraí tráchtála matamaitice

NFER	Taighde Oideachais Nuffield Foundation - an t-ainm a tugadh ar GL Assessment roimhe sin, comhlacht a cheap Progress in Mathematics (PIM), ar measúnú caighdeánaithe matamaitice é
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PISA	An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí
Tionscadal Mata	Mór-athchóiriú curaclaim i matamaitic le haghaidh na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí; táthar á chur i bhfeidhm ón mbliain 2008 i leith agus bhí sé curtha chun feidhme go hiomlán do dhaltaí a bhí ag dul isteach sa 1 ^ú bhliain i mí Mheán Fómhair 2013
QWC	Cáilíocht na Cumarsáide Scríofa - a mheasúnaítear i scrúduithe poiblí sa Tuaisceart
SEN	Riachtanais Speisialta Oideachais
SESCO	Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais
FMS	Féinmheastóireacht Scoile
STEM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
Tarsia	Bogearraí foinse oscailte chun cabhrú le gníomhaíochtaí meaitseála míreanna mearaí don mhatamaitic a cheapadh
TIMSS	Staidéar Idirnáisiúnta ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht
Le Chéile i dTreo Feabhais	Doiciméad ón gCigireacht Oideachais agus Oiliúna chun cabhrú le féinmheastóireacht scoile
tascanna 'fíor, bréagach, fíor in amanna'	Ráitis mhatamaitice a chinneann daltaí a bheith fíor i gcónaí, bréagach i gcónaí nó fíor in amanna
An Idirbhliain	An Idirbhliain - féach Aguisín 2

Clár Ábhar

Rannán

Leathanach

	Brollach	
1.	Réamhrá	1
2.	Cad is uimhearthacht ann?	2
3.	Cad is dea-oideolaíocht mhatamaiticiúil ann?	2
4.	Cad atá i gceist i gcur chuige traschuraclaim éifeachtach maidir leis an uimhearthacht?	4
5.	Conas is féidir an uimhearthacht a chomhordú agus a chur chun cinn?	8
6.	Conas is eol do scoileanna gurb éifeachtach atá na nithe atá ar bun acu?	11
7.	Cad iad na tosca eile a bhaineann le hábhar?	12
8.	An bealach chun cinn	19
	Aguisín 1 - Scoileanna rannpháirteacha	20
	Aguisín 2 - Córais scoile	21
	Aguisín 3 - Foilseacháin ábhartha	22


Brollach

Déantar forbairt sa tuarascáil seo ar obair chomhoibríoch thábhachtach a rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna in imeacht roinnt mhaith blianta.

Bhain mórthábhacht sa dá dhlínse ar an oileán seo leis an obair a rinneadh le déanaí ar an uimhearthacht, rud a tháinig as an tuiscint go bhfuil dea-cháilíocht teagaisc agus foghlama san fhoghlaim bunriachtanach maidir le rath an fhoghlaimora i ngach réimse foghlama. Leanann an tuarascáil seo obair den chineál céanna a rinneadh i mbunscoileanna le fiordhéanaí, cé go n-aistríonn sí an díriú ar an uimhearthacht agus ar an bhfoghlaimoir is ógánach.

Is amhlaidh a bhí an deis ag gach údar de chuid na tuarascála seo oibriú in éineacht lena chéile comhionann sa dlínse eile mar chuid den chlár um Malartú Cigirí Thuaidh-Theas, rud a neartaíonn an bonn leis an obair sin.

Fáiltimid roimh an bhfoilseachán seo agus molaimid é do gach duine a thugann tús áite don leas san oideachas agus go háirithe do na daoine sin a mbaineann a gcuid oibre le hardchaighdeán uimhearthachta a chur chun cinn. Agus muid ag déanamh amhlaidh, is mian linn ár mbuíochas a ghabháil leis na cigirí ón dá Chigireacht a chuir an tuarascáil seo le chéile, is iad sin: Nick Todd (an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna) agus Séamus Knox (Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna).



Harold Hislop, Príomhchigire an DES

Noelle Buick, Príomhchigire an ETI

1. Réamhrá

Faoin gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, choimisiúnaigh an Grúpa Oibre um an Litearthacht agus an Uimhearthacht an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) chun taighde agus tuairisciú a dhéanamh i gcomhpháirt ar na príomhghnéithe de theagasc agus d'fhoghlaim rathúil sa litearthacht agus san uimhearthacht ag an leibhéal bunscoile.¹ I ngeall ar a fheabhas agus a d'éirigh leis an gcomhfhiontar sin, choimisiúnaigh an Grúpa Oibre dhá thuarascáil bhreise chun an dea-chleachtas ag leibhéal iar-bhunscoile a shainaithint. Is éard atá sa tuarascáil seo ná an dara tuarascáil² díobh sin agus dirítear léi go follasach ar conas an uimhearthacht a chur chun cinn agus a fheabhsú ar fud an churaclaim.

Cé gur measadh san am atá thart gur le roinn na matamaitice amháin a bhain an ról um scileanna matamaitice daltaí a fhorbairt, tá ag méadú ar an méid atáthar ag aithint cé chomh tábhachtach atá sé go bhfuil ár ndaoine óga ábalta na scileanna sin a úsáid agus a chur i bhfeidhm agus ar an mbéim atá á leagan air sin. Rinne an dá roinn, an Roinn Oideachais (DE) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, straitéisí nua a fhorbairt agus a sheoladh (*Comhair, Léigh Leat: Éireoidh*, DE, 2011; agus *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*, DES, 2011) inar leagadh béim ar an dearcadh níos leithne sin.

Le blianta beaga anuas, rinne an dá Chigireacht tuarascálacha maidir le matamaitic ag leibhéal iar-bhunscoile a fhoilsiú ar leithligh ach is é aidhm na tuarascála seo an díriú a mhéadú níos fairsinge ná an seomra ranga matamaitice agus dearcadh níos leithne a ghlacadh maidir leis an dóigh is fearr chun scileanna uimhearthachta ár ndaoine óga a fhorbairt. Chuige sin, sainaitheofar sa tuarascáil dea-chleachtas san uimhearthacht ar fud an churaclaim. Ina theannta sin, áirítear leis an tuarascáil sleachta ó thráchtairreachtaí ar scríobh na deich scoil rannpháirteacha iad chun an léitheoir, eadhon, ceannairí scoile agus ábhair agus múinteoirí in iar-bhunscoileanna, a mhealladh agus chun eiseamláirí den dea-chleachtas a chur ar fáil.

Comhchuariteanna ar cheithre scoil, dá bhfuil dhá cheann sa Tuaisceart agus dhá cheann sa Deisceart (féach Aguisín 1), is mó a dhéanann eolas do thorthaí na tuarascála. Ba éard a bhí i gceist sna cuairteanna ná breathnuithe ar cheachtanna agus cruinnithe leis an bpearsanna ábhartha, lena áiríodh na ceannairí ábhair/ cinn roinne ábhar eile. Áiríodh leis na ceachtanna ar tugadh cuairt orthu ábhair a shainaithin na scoileanna a bheith ina n-ábhair ag a bhfuil tionchar suntasach ar fhorbairt uimhearthachta a gcuid daltaí. Chomh maith leis sin, iarradh ar gach scoil tráchtairrecht a scríobh ar a soláthar uimhearthachta, ar an dóigh a mbainistítear é agus ar an tionchar atá imeartha aige. Tugadh breac-chuntas i ngach tráchtairrecht freisin ar an ról a imríonn féinmheastóireacht sa timthriall feabhais maidir leis an uimhearthacht.

De bhreis ar na ceithre scoil ar tugadh cuairt orthu, iarradh ar thrí scoil eile sa dá dhlíne tráchtairrecht a scríobh freisin.

Bhí sé soiléir ó na tráchtairreachtaí go bhfuil cosúlachtaí san obair atá á déanamh ag na deich scoil. Is ionann na saintréithe de sholáthar éifeachtach sa Tuaisceart agus sa Deisceart: tá siad neamhspleách ar na socruithe rialachais agus bainistíochta agus ar na córais scrúdaithe poiblí araon (féach Aguisín 2). Baineadh úsáid as sleachta ó gach tráchtairrecht in ionad na dtráchtairreachtaí ina n-iomláine. Cuireann an t-athrá agus an dúbláil atá le feiceáil sna sleachta in iúl go láidir go bhfuil gnéithe coiteanna dá bhfuil i gceist le soláthar éifeachtach.

¹ <http://www.eti.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2010/a-joint-report-by-eti-and-des-on-how-best-to-promote-and-improve-literacy-and-numeracy-in-our-schools-dec-2010.pdf>

² Is í an chéad tuarascáil an tuarascáil chomhghabhálach lena ndírítear ar an litearthacht

2. Cad is uimhearthacht ann?

Úsáideadh an focal *uimhearthacht* den chéad uair i 1959 chun comhfhreagairt don bhrí le *litearthacht*. Léirmhíníodh an focal ar roinnt dóigheanna ó úsáideadh é den chéad uair. Mar sin féin, soiléirítear an bhrí leis in *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* agus in *Comhair, Léigh Leat: Éireoidh*. Cuimsíonn an uimhearthacht gach gné de bheith mar smaointeoir matamaiticiúil agus tá níos mó i gceist léi ná bheith ábalta ríomh go líofa agus go cruinn. Baineann sí leis na scileanna inaistrithe atá ag teastáil chun smaoineamh go criticiúil, chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus chun cur go hiomlán leis an tsochaí sa domhan seo a bhíonn ag éirí níos saibhre ó thaobh sonraí de.

Níl an **uimhearthacht** teoranta amháin don chumas chun uimhreacha a úsáid, chun suimiú, dealú, iolrú agus roinnt a dhéanamh. Clúdaíonn an uimhearthacht an cumas chun tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid chun na fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla ag maireachtáil i suíomhanna sóisialta casta a chomhlíonadh. Leis an gcumas seo a bhaint amach, ní mór don duine óg a bheith in ann smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, ciall a bhaint as na sonraí, feasacht ar spásúlacht a bheith aige/aici, na patrúin agus na seichimh a thuiscint, agus na hócáidí a aithint nuair is féidir leis an réasúnaíocht mhatamaitice a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach. (*Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*, DES, 2011)

Is ionann **uimhearthacht** agus cumas na scileanna agus an t-eolas matamaitice iomchuí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna coitianta agus i gcomhthéacsanna aduaine, agus i réimse de shuíomhanna ar fud an tsaoil, lena n-áirítear saol na hoibre. Is é atá i gceist léi na nithe seo a leanas a fhorbairt: tuiscint ar eochairchoincheapa matamaiticiúla agus ar an dóigh a bhfuil siad idircheangailte; scileanna réasúnaíochta agus scileanna réitithe fadhbanna iomchuí; úsáid oilte iomchuí modhanna agus gnásanna (foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, meabhrach agus scríofa); agus rannpháirtíocht ghníomhach maidir le himscrúdú na smaointe agus na samhlacha matamaiticiúla. (*Comhair, Léigh Leat: Éireoidh*, DE, 2011)

Dar le Anita Straker,³ *'is é is an uimhearthacht ann ná an rud a fhorbraíonn duine nuair a fhoghlaimíonn sé matamaitic go maith'* agus, dá bhrí sin, ní mór na nithe atá ina gcuid dhílis de dhea-theagasc matamaitice a bhreithniú i dtuarascáil den chineál seo.

3. Cad is dea-oideolaíocht mhatamaiticiúil ann?

Tá sé soiléir ó chigireachtaí a rinneadh le déanaí sa dá dhlínse agus ó na comhchuartheanna ar na ceithre scoil gurb é an príomhrud atá mar bhonn agus thaca ag dea-oideolaíocht mhatamaiticiúil ná an tuiscint gur féidir le gach dalta a lánchumas a bhaint amach agus go bhfuiltear ag súil leis go ndéanfaid siad amhlaidh agus go múnlaíonn múinteoir ardionchais agus go soiléirítear na hardionchais sin leis an gcultúr scoile. Léirítear an méid sin go príomha sa dóigh ina n-ullmhaíonn múinteoirí le haghaidh a gceachtanna agus sa chás go ndíríonn pleanáil cheachta ar cháilíocht na foghlama agus na daltaí in ionad díriú ar sholáthar ábhair.

Cuireann ceachtanna éifeachtacha matamaitice eispéireas atá saibhir ó thaobh comhthéacs de ar fáil do dhaltaí, ar eispéireas é ina gcaitear leis an ábhar ceachta leis an déine chuí, ina n-iniúchtar naisc leis an gcuraclam matamaitice leathan agus ina mbaintear leas as cur i bhfeidhm na matamaitice maidir le gnáthshaol na ndaltaí. Sna ceachtanna is fearr,

³ Stiúrthóir, an Tionscadal Náisiúnta Uimhearthachta, 1997

comhaontaítear an cuspóir ceachta/foghlama ag an tús agus éascaítear an ceacht trí úsáid a bhaint as tascanna oscailte, mealltacha agus dúshlánacha arb é is aidhm dóibh an tuiscint atá ag na daltaí don ábhar agus ar an ábhar a mhéadú. Tá plé iomlánach ina ghné de na ceachtanna sin roimh an deireadh freisin chun an méid a baineadh an cuspóir ceachta/foghlama amach a fháil amach.

Ceisteanna ardchálíochta ón múinteoir, rud a threisiónn cuspóirí an cheachta, a spreagann na daltaí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus a éilíonn go míníonn siad a réasúnaíocht, baineann ríthábhacht leo maidir le foghlaim éifeachtach daltaí. Déantar machnamh daltaí a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as ceisteanna ina bhfuil leibhéil laghdaithe tacaíochta, a chuimsíonn leibhéal éigin débhríochta agus a fhorbraíonn a scileanna réitithe fadhbanna. Éilíonn na cineálacha cuir chuige is éifeachtaí freisin go ndéanann daltaí machnamh sula dtugann siad freagra agus go gcuireann siad ceisteanna sa rang agus go dtugann siad faoi thabhairt fadhbanna agus faoi réiteach fadhbanna.

Meánscoil an Chroí Naofa, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí - réasúnaíocht mhatamaiticiúil a fhorbairt

Comhaontaíodh forbairt scileanna réitithe fadhbanna na ndaltaí mar phríomhsprioc. Ar an gcéad dul síos, bhíothas ag súil leis go ndéanfadh daltaí a réasúnaíocht a mhíniú agus a chosaint mar chuid dhílis de sholáthar ceachta. Thug sé sin spreagadh do dhaltai bonn loighciúil le haghaidh a n-argóinte a chur i láthair agus ligean dóibh scileanna smaointeoireachta matamaiticiúla ardoird a fhorbairt. Chomh maith leis sin, forbraíodh clár fógraí ar ar tugadh fadhbanna oscailte gach seachtain nó gach coicís do dhaltai Sóisearacha agus do dhaltai Sinsearacha.

Coláiste Pobail Setanta, Baile Fiobail, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath - raon straitéisí ceachta a chur chun cinn

Comhaontaíonn roinn na matamaitice gur cheart raon modhanna teagaisc a bheith san áireamh i gceachtanna matamaitice, lena n-áirítear grúpobair, obair i mbeirteanna agus buíonteagasc, agus gur cheart McF a úsáid mar ghné lárnach de na ceachtanna go léir. Tugtar spreagadh do gach dalta ceisteanna ardchaighdeáin a chur. Creidimid go ndéanfaidh sé sin scileanna cumarsáide na ndaltaí a fhorbairt, an tuiscint atá acu don mhatamaitic agus ar an matamaitic a fheabhsú agus cultúr machnaimh chríiciúil a chruthú.

Chomh maith leis sin, cuirtear san áireamh sna ceachtanna matamaitice is fearr obair éifeachtach i mbeirteanna agus grúpobair éifeachtach mar a bhfuil ról na rannpháirtithe soiléir agus mar a nglacann na daltaí páirt i bplé dírithe, mar a bhforbraíonn siad hipitéisí agus mar a gcomhaontaíonn siad an cur chuige a úsáidfear chun fadhbanna a réiteach. Is féidir roinnt straitéisí seomra ranga a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar an dalta agus chun an t-ábhar ceachta a dhifreáil.

Mar an gcéanna, déantar cur chun cinn ar chineálacha cuir chuige a dhíríonn ar ardleibhéal de rannpháirtíocht daltaí, d'fhoghlaim daltaí agus d'fhéinfheasacht daltaí.

Ardscóil Mhuire, an tLúr, Co. an Dúin - féinfheasacht a chur chun cinn

Measaimid go mbaineann ríthábhacht le hardionchais maidir le rath i matamaitic agus creidimid gur gá tacaíocht a thabhairt do dhaltai agus dúshlán a chur orthu le gur féidir leo a lánchumas a bhaint amach. Cuireann cúntóirí ranga agus meantóirí matamaitice bliain 13 tacaíocht bhreise ar fáil. Ag tús ár bpróisis timthrialla foghlama, comhroinntear an plean foghlama le daltaí agus pléitear na cuspóirí foghlama, na critéir ratha, na scileanna smaointeoireachta agus traschuraclaim agus TFC roimh gach topaic. Ag deireadh an timthrialla, déantar an plean machnaimh a mheasúnú agus a chomhlánú, rud a ligeann do

dhaltaí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim, a dtoradh a thaifeadadh agus réimsí le haghaidh feabhais a shainaitint. Léiríonn daltaí a bpleananna machnaimh dá dtuismitheoirí.

Cuirimid raon leathan straitéisí McF san áireamh i gceachtanna; pleanálaimid úsáid éifeachtach ceisteanna agus tuilleadh béime á leagan ar cheisteanna oscailte le go dtugtar spreagadh do dhaltáí a scileanna smaointeoireachta a fhorbairt agus an mhúinín atá acu as cumarsáid a dhéanamh a mhéadú. Cabhraíonn an úsáid a bhainimid as piarmheasúnú agus as féinmheasúnú le daltaí tacú le chéile chun coincheapa matamaiticiúla deacra a thuiscint agus spreagann sí foghlaim neamhspleách.

Scoil Ghramadaí Loreto, an Ómaigh, Co. Thír Eoghain - acmhainní agus cineálacha cuir chuige a chomhroinnt

Tháinig an fhorbairt mhear cleachtas uimhearthachta laistigh de roinn na matamaitice as pleananna gníomhaíochta sonracha a chomhlánaigh an plean forbartha scoile foriomlán. Áiríodh leo sin acmhainní teagaisc ghníomhaigh agus foghlama gníomhaí amhail mionchláir bhána, Tarsia agus mapaí smaointeoireachta a fhorbairt agus a chomhroinnt; TFC amhail an t-áireamhán coiteann, an t-áireamhán grafach agus MyMaths a úsáid tuilleadh; QWC a fhorbairt agus acmhainní leabharlainne a chur chun cinn mar uirlis foghlama bhreise le haghaidh daltaí os cionn 16 bliana d'aois. Tá matamaitic mheabhrach ina bunchleachtas i ngach ceacht matamaitice agus is comhpháirt lárnach í de gach measúnú matamaitice ag Eochairchéim 3. Spreagtar ilmhíniúcháin agus cineálacha cuir chuige malartacha laistigh de cheachtanna agus leagtar béim orthu in aonaid oibre le go meallann siad stíleanna foghlama éagsúla. Tugtar spreagadh do dhaltáí freisin a gcuid oibre a phlé agus cuirtear tascanna a dteastaíonn cumarsáid agus plé uathu san áireamh inár gclár, mar shampla tascanna “fíor, bréagach, fíor in amanna”. Éascaítear scaipeadh ábhar agus comhroinnt an dea-chleachtais le cruinnithe rialta roinne agus thugamar mar fhoireann faoi cheardlanna sonracha lena dtugtar aghaidh ar réimsí áirithe le haghaidh forbairt sula gcuirimid iad os comhair na ndaltaí sa seomra ranga.

Meánscoil Phádraig, an Droichead Nua, Co. Chill Dara - buíontegasc a úsáid

Táthar ag cur buíontegaisc chun feidhme le blianta beaga anuas i gceachtanna matamaitice agus táthar ag súil leis go leanfar leis. Éascaíonn an cur chuige buíontegaisc idirghníomhaíocht níos éifeachtaí idir múinteoirí agus daltaí. Ós rud é go bhfoghlaimíonn daltaí ag rátaí difriúla, cabhraíonn an cur chuige sin le hardghnóthachtáil aonair na ndaltaí a éascú, leibhéal tuisceana na ndaltaí a mhéadú agus spriocdhíríú ar dhaltáí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

4. Cad atá i gceist i gcur chuige traschuraclaim éifeachtach maidir leis an uimhearthacht?

I Rannán 2, tugadh breac-chuntas ar na sainmhínithe ar uimhearthacht sa dá dhlínse. Agus aird á tabhairt ar na sainmhínithe, ní mór do scoileanna tabhairt faoi fhorbairt na huimhearthachta ina ndaltaí trí ábhar na matamaitice agus trí ábhair eile freisin. Fearacht na litearthachta, is éard atá san uimhearthacht ná scil traschuraclaim a dteastaíonn cur chuige scoile uile uaithe.

Laistigh den chur chuige traschuraclaim sin, tá ábhair ina bhfuil matamaitic ina cuid lárnach d'fhoghlaim an ábhair - inarb **amhlaidh go ndéanann** daltaí matamaitic ar bhonn rialta agus inar coincheapa matamaiticiúla iad na coincheapa go bunúsach. Áirítear eolaíocht, teicneolaíocht⁴, tíreolaíocht agus staidéar gnó leis na hábhair sin agus, go pointe níos lú, tá

⁴ Lena n-áirítear, mar shampla, innealtóireacht, staidéar foirgníochta, grafaic dhearaidh agus chumarsáide agus teicneolaíocht

eacnamaíocht bhaile agus corpoideachas san áireamh iontu. Shainnithin na scoileanna rannpháirteacha an tábhacht a bhaineann leis na hábhair 'iompróra' sin. Chomh maith leis sin, áfach, aithníonn siad go bhfuil deiseanna in ábhair eile do dhaltaí a n-eolas matamaiticiúil, a dtuiscint mhatamaiticiúil agus a scileanna matamaiticiúla a mhéadú agus a chomhdhlúthú.

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain - foghlaim chomhoibríoch a chur chun cinn

Tugann roinnt mhaith ábhar comhthéacsanna ábhartha do dhaltaí ina bhféadann siad a scileanna matamaitice a úsáid. Tá sé cruthaithe gur féidir an úsáid is éifeachtaí a bhaint as pleanáil chomhoibríoch i réimse na heolaíochta go háirithe. Bailíonn daltaí sonraí le linn ceacht eolaíochta agus díríonn ceachtanna matamaitice ina dhiaidh sin ar léirmhíniú ar na sonraí agus iad a phróiseáil agus a léiriú. Tugtar spreagadh do dhaltaí machnamh agus meas a dhéanamh ar conas a forbraíodh a scileanna eolaíochta agus matamaitice agus ar conas a chuir a scileanna uimhearthachta leis an tuiscint atá acu ar eolaíocht agus lena rath inti.

Coláiste Phort Laoise, Co. Laoise - comhsheasmhacht san uimhearthacht a chur chun cinn ar fud ábhar

Tugadh fillteán ina raibh na naisc thraschuraclaim agus uainiú gach topaice sa scoilbhliain do na ranna ábhair seo a leanas: ealaín, eolaíocht, tíreolaíocht, eacnamaíocht bhaile, gnó, grafaic dhearaidh agus chumarsáide/grafaic theicniúil agus adhmaadóireacht. Chuir sé sin ar chumas múinteoirí éirí eolach ar na coincheapa, na scileanna, na modhanna agus na gnásanna a bhaineann le topaicí matamaiticiúla áirithe d'fhonn teacht le teagasc na dtopaicí sin. Is iarracht í sin ar chur chuige comhsheasmhach maidir le forbairt scileanna uimhearthachta a chur chun feidhme ar fud na scoile.

Scoil Ghramadaí Loreto, an Ómaigh, Co. Thír Eoghain - an mhatamaitic a shainnithint in ábhair eile

Príomh-chomhpháirt de raon leathan réimsí ábhair freisin is ea an uimhearthacht. Áirítear leis an gclár forbartha pearsanta do roinnt bliainghrúpaí comhpháirt cumas airgeadais le hionchur ón gcomhordaitheoir uimhearthachta agus ón gceann roinne. I réimse ginearálta foghlama na dteangacha, cuirtear matamaitic mheabhrach chun cinn tríd an sprioctheanga sna topaicí um uimhreas, am agus dátaí agus cuirtear matamaitic airgeadais chun cinn trí na topaicí um shiopadóireacht, ithe i mbialann agus laethanta saoire. Tá an uimhearthacht ina gné rialta in eolaíocht, go háirithe sna comhpháirteanna ailgéabracha d'obair ghraif agus in úsáid foirmlí. Go rialta, pléann múinteoirí an t-ábhar coiteann agus féachann siad le comhsheasmhacht a bhaint amach le haghaidh soláthair do na daltaí. Tá comhpháirteanna de láimhseáil sonraí le feiceáil ar fud roinnt ranna, lena n-áirítear eacnamaíocht bhaile, tíreolaíocht, corpoideachas agus TFC, agus féachaimid le cur chuige comhsheasmhach a úsáid nuair is féidir maidir leis an téarmaíocht agus an nodaireacht a úsáidtear laistigh díobh sin. Tá comhpháirteanna de chruth, lena n-áirítear tíreolaíocht agus tomhas, le feiceáil ar fud roinnt ranna freisin, lena n-áirítear tíreolaíocht, ealaín agus teicneolaíocht. Tá scileanna uimhris comhtháite in ábhair amhail stair agus reiligiún freisin. I gcás daltaí os cionn 16 bliana d'aois, cuireann ábhair amhail polaitíocht, sláinte agus cúram sóisialta, staidéar gnó agus socheolaíocht leis an ngné thraschuraclaim den uimhearthacht freisin.

Tugann an fhianaise a bailíodh sna ceithre chomhchuart agus i gcigireachtaí eile sa dá dhlínse le tuiscint gurb éifeachtach atá an uimhearthacht in ábhair eile nuair a dhéanann múinteoir:

- dearcadh dearfach i leith úsáid na matamaitice a chur in iúl ina ábhar/hábhar;
- comhthéacsanna iontaofa a iniúchadh atá ríthábhachtach maidir le foghlaim a ábhair/hábhair;

- míniúcháin agus cineálacha cuir chuige teagaisc a úsáid ar aon dul leo sin a úsáidtear i roinn na matamaitice agus sna príomhábhair iompróra eile;
- míniú follasach a thabhairt ar na ‘coimhlintí cognaíocha’ a thagann chun cinn nuair a léirmhíneáir an t-aon smaoineamh amháin ina ábhar/hábhar ar bhealach difriúil leis an mbealach a léirmhíneáir é i matamaitic ionas go nglacann a chuid/cuid daltaí leis agus go réitíonn siad é; agus
- tacú le daltaí aonair, nuair is gá, leis an matamaitic a theastaíonn i bhfoghlaim a ábhair/hábhair.

Is féidir le coimhlintí cognaíocha teacht aníos sa chás gurb ionann an coincheap bunúsach agus go bhfuil difríocht sna gnásanna. Mar shampla, is iad na tagairtí eangaí ceithre fhigiúr i dtíreolaíocht agus comhordanáidí i matamaitic is cúis le coimhlint den chineál sin. Tugann an dá cheann díobh modh chun láthair a shainiú ach tá siad difriúil mar go sainítear cearnóg le ceann amháin díobh agus go sainítear pointe leis an gceann eile. Tagann coimhlintí aníos freisin sa chás gurb ionann na cásanna agus go bhfuil difríocht sna coincheapa. Mar shampla, nuair a bhreacann daltaí pointí a thagann as turgnamh arb é is aidhm dó gaol comhathraithe dhírigh, i.e. athróg amháin atá spleách ar an athróg eile, a iniúchadh, cé go luann na daltaí go dtaispeánann an líne is fearr oiriúint ‘comhghaol deimhneach’. Ní mór do mhúinteoirí na difríochtaí sin a dhéanamh follasach mar go bhfuil coimhlintí cognaíocha ina m**bacainní ar fhoghlaim** agus ina **gcumasóirí le haghaidh foghlama** araon: beidh mearbhall ar roinnt daltaí mura mínítear na difríochtaí agus méadóidh daltaí eile an tuiscint atá acu orthu nuair a aithníonn siad na cosúlachtaí.

I bhfoilseachán le déanaí sa dá dhlíne, ina sainiúitear na saintréithe de theagasc agus d’fhoghlaim éifeachtach sa mhatamaitic, cuireadh san áireamh an riachtanas go n-úsáideann na múinteoirí comhthéacsanna a thagann aníos i réimsí eile curaclaim agus sa saol laethúil (féach rannán 3).

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain - feasacht na ndaltaí ar an uimhearthacht a ardú

Coimeádann daltaí Eochairchéim 3 cuntas ina leabhair mhatamaitice ar chur i bhfeidhm a scileanna matamaiticiúla in ábhair eile. Déantar plé rialta sa rang matamaitice ar an raon scileanna arna ngnóthú agus arna bhforbairt agus, dáiríre, bíonn fonn ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí araon tuairisc a thabhairt do roinn na matamaitice. Tuigeann daltaí go bhfuil ceachtanna matamaitice ina bpointe spreagtha maidir lena bhfuil siad ag foghlaim a chur i bhfeidhm in ábhair eile agus sa saol réadúil.

Coláiste Chnoc an Dúin, Lios na gCearrbhach, Co. Aontroma - ceachtanna breise uimhearthachta a úsáid

D'éascaigh an fhoireann ceannaireachta sinsearaí ceacht breise a bhí tiomnaithe don uimhearthacht amháin do gach dalta i mbliain 10. Chun an scéim oibre ina leith a chur ar bun, d'iarramar comhairle ár gcomhairleora boird, phléamar bealaí féideartha ar aghaidh laistigh dár roinn agus chuamar i dteagmháil le réimsí eile curaclaim laistigh den scoil. Cruthaíodh bealaí fóna cumarsáide; chuir múinteoirí ábhair ó eacnamaíocht bhaile, eolaíocht, staidéar gnó, teicneolaíocht agus corpoideachas ceisteanna/tascanna ar fáil a bhí mar chúis le deacrachtaí ag leibhéil Eochairchéim 3 ina n-ábhar faoi seach.

I ngníomhaíocht ghrúpoibre amháin le linn an cheachta bhreise sin, oibríonn daltaí trí cheisteanna leibhéalta a shocraítear i gcomhthéacsanna traschuraclaim. Gníomhaíocht foghlama eile a úsáidtear is ea an ‘timpeallán’ mar a n-oibríonn daltaí le chéile chun fadhb thraschuraclaim a réiteach sula dtéann siad ar aghaidh chuig an gcéad tábla eile. Mar phlé iomlánach, cuireann dalta ó gach grúpa a réiteach i láthair an ranga. Sampla eile dár gcur

chuige clinice is ea an Clinic Eolaíochta mar a dtugtar cóip de bhileog chothromóidí fisice GCSE do dhaltáí agus go n-iarrtar orthu an fhoirmle atá ag teastáil i gcásanna áirithe a shainaithint.

Scoil Ghramadaí Loreto, an Ómaigh, Co. Thír Eoghain - samplaí ó ábhair eile a úsáid i matamaitic

Go rialta, pléann múinteoirí an t-ábhar coiteann agus féachann siad le comhsheasmhacht a bhaint amach le haghaidh soláthair do na daltaí. Mar shampla, nuair atá siad ag soláthar foirmlí agus ag athrú an ábhair i matamaitic, is d'aon ghnó a nochtann múinteoirí matamaitice na daltaí do na foirmlí a dtiocfaidh siad orthu i bhfisic, faoi mar atá curtha ar fáil ag roinn na heolaíochta. Tá sé mar chuspóir againn tús eolais a thabhairt ar lear topaicí trí chomhthéacsanna fíorshaoil agus spreagadh a thabhairt do dhaltáí an tuiscint agus an t-eolas atá acu a chomhroinnt i gcomhthéacs traschuraclaim. Mar shampla, agus uimhreacha diúltacha á soláthar i mbliain 8, tá daltaí ábalta a bhfoghlaim a cheangal le hamlínte i reiligiún agus i stair, le teochtaí in eolaíocht agus le hairdí os cionn agus faoi bhun leibhéal na farraige i dtíreolaíocht.

Is féidir le deiseanna ón ngnáthshaol bheith an-éifeachtach mar mhodh chun a ábhartha atá topaic a léiriú agus mar mhodh chun deiseanna a fhorbairt do dhaltáí lena réasúnaíocht a mhíniú agus a chomhroinnt.

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain - samplaí ón saol réadúil a úsáid

Tá sé cruthaithe gur tairbhiúla forbairt comhthéacsanna saoil réadúil le haghaidh ár gceachtanna i spéis ár ndaltaí a mhealladh agus a choinneáil, rud a chuireann ar a gcumas a thuiscint gur féidir an iomaí úsáid phraiticiúil a bhaint sa saol réadúil as an matamaitic a fhoghlaimíonn siad sa seomra ranga. Ar shampla amháin díobh sin tá an uair a d'iniúch daltaí a ábhartha atá an mhatamaitic a bhí siad ag foghlaim (uillinneacha agus treo-uillinneacha) do shaol na heitlíochta. D'imscrúdaigh daltaí réimsí amhail uimhriú na rúidbhealaí, an tábhacht a bhaineann le meáchan agus cothromaíocht aerárthaigh agus an dóigh a ríomhtar iad sin agus an léirmhíniú ar na diaileanna, na lasca agus na gléasanna tomhais i gcró píolótaíochta an aerárthaigh. Cuir daltaí a dtorthaí i láthair captaein de chuid aerlíne thráchtála le linn ceardlainne sa scoil. Trí leas a bhaint as comhthéacs eitlíochta, ní hé amháin go ndearnadh scileanna matamaiticiúla daltaí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú, spreagadh spéis na ndaltaí a streachlaíonn de ghnáth.

5. Conas is féidir an uimhearthacht a chomhordú agus a chur chun cinn?

Chonaiceamar sa rannán deiridh cé chomh tábhachtach atá an cur chuige traschuraclaim chun an uimhearthacht a fhorbairt. Díritear sa rannán seo den tuarascáil ar an dóigh a ndéantar é sin a bhainistiú agus a bhaint amach.

Tá sé soiléir sna deich scoil uile go bhfuil tiomantas ag leibhéal ard ina chuid lárnach dá rathúla atá forbairt sa réimse seo. Baintear é sin amach trí na nithe seo, mar shampla:

- mórshnáithe a dhéanamh den uimhearthacht sa phlean forbartha scoile;
- próifíl na huimhearthachta a ardú i measc na mball go léir de phobal na scoile;
- díriú ar an uimhearthacht mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile; agus

- cruinnithe rialta a reáchtáil ina bhfuil an uimhearthacht ina cuid dhílis de chlár oibre na scoile um fheabhsú agus um ghnóthachtáil a ardú.

Meánscoil an Chroí Naofa, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí - cur chuige scoile uile a thionscnamh

I mí na Bealtaine 2012, thug ball den tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) cuairt ar ár scoil chun an uimhearthacht a phlé agus chun spreagadh a thabhairt dúinn ár gcleachtas sa réimse seo a fhorbairt i bhfianaise na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta, 2011. Chun leanúint den chuairt sin, tháinig grúpa múinteoirí, ar múinteoirí matamaitice iad a bhformhór, le chéile agus thosaigh siad ar a gcleachtas reatha uimhearthachta agus a dtosaíochtaí le haghaidh feabhais a phlé. Comhaontaíodh ag an gcruinniú sin go mbaineann tábhacht le cur chuige foirne uile agus gur cheart an uimhearthacht a phlé agus a scrúdú ag leibhéal foirne ionas go bhféadfadh na baill foirne uile machnamh a dhéanamh ar áit agus luach na huimhearthachta ina n-ábhar féin. Comhaontaíodh freisin go mbunófaí coiste uimhearthachta a bheadh comhdhéanta de mhúinteoirí matamaitice agus de mhúinteoirí ó réimsí ábhair eile. Sa deireadh, phléamar ár spriocanna agus an dóigh a mbainfí amach iad. Mar shampla, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an drochdhearcadh sóisialta i leith na matamaitice agus ar an bhfíric go rabhthas ag glacadh le tearcghnóthachtáil sa mhatamaitic, comhaontaíodh nach mór do gach múinteoir, beag beann ar réimse ábhair, dearthaí dearfacha i leith na matamaitice agus na huimhearthachta a spreagadh agus a chur chun cinn go gníomhach.

Tugadh láithreoireacht faoin uimhearthacht ag cruinniú foirne le déanaí agus cuireadh bileog faisnéise uimhearthachta ar fáil do gach ball foirne chun cur chuige coiteann maidir leis an teanga don uimhearthacht a chinntiú. Tugadh spreagadh do bhaill foirne foclóir cuí a thaispeáint go soiléir ina seomra ranga agus béim a leagan ar eochairfhocail ábhartha le linn ceachtanna. Rinneadh foclóir matamaitice ar ullmhaigh daltaí Idirbhliana na scoile é a chur ar fáil ar fud na scoile.

Scoil Ghramadaí Aontroma, Co. Aontroma - tiomantas do chaighdeán a ardú a chomhroinnt

Táimid tiomanta do chaighdeán uimhearthachta ár gcuid daltaí a ardú: is mian linn go bhfuil ár gcuid daltaí muiníneach agus cumasach agus an uimhearthacht á húsáid acu d'fhonn tacú lena bhfoghlaim i ngach réimse den churaclam agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá riachtanach chun cabhrú leo rath i mbreisoideachas, i bhfostaíocht agus sa saol aosach a bhaint amach. Is éard atá san fhorbairt dea-scileanna uimhearthachta ná beartas scoile uile nach mór a ullmhú laistigh de chreat an phlean forbartha scoile agus den snáithe curaclaim athbhreithnithe um an matamaitic a úsáid.

Ardscóil Mhuire, an tLúr, Co. an Dúin - uimhearthacht a chur chun cinn mar chuid de chaighdeán a ardú

Chun caighdeán sa mhatamaitic a ardú agus tacú leis an uimhearthacht ar fud an churaclaim, thráthchláraíomar cruinniú coicisiúil um Chaighdeán a Ardú a bhfuil an ceannaire um chaighdeán a ardú i gceannas air. I measc na foirne tá an comhordaitheoir uimhearthachta agus an comhordaitheoir litearthachta, comhordaitheoir an aistrithe agus comhordaitheoir riachtanais speisialta oideachais (SENCO) a oibreoidh i gcomhar chun sonraí a bhailiú, faisnéis thréadach a scaipeadh agus faireachán agus meas a dhéanamh ar an dul chun cinn ag gach leibhéal.

Sa Tuaisceart, táthar ag súil leis go bhfuil beartas uimhearthachta agus comhordaitheoir uimhearthachta i bhfeidhm acu. Beidh an dóigh a ndéanann an comhordaitheoir uimhearthachta an uimhearthacht a bhainistiú agus a threorú ag brath ar chúinsí áirithe na

scoile agus tá an beartas níos neadaithe agus tá tionchar dearfach aige ar an gcáilíocht soláthair a mhúnlú nuair is láidir atá tiomantas na ceannaireachta scoile uile.

Sa Deisceart, éilítear ar scoileanna tabhairt faoi chur chuige scoile uile maidir le féinmheastóireacht agus le feabhsú an teagaisc agus na foghlama, lena n-áirítear an litearthacht agus an uimhearthacht. Chun cur chuige comhtháiteach a chinntiú, táthar ag súil leis go gceapann scoileanna straitéisí a éascóidh comhar struchtúrtha idir an comhordaitheoir/an fhoireann féinmheastóireacht scoile (FMS) agus na nascmhúinteoirí litearthachta agus uimhearthachta. Mar shampla, nuair atá meas á dhéanamh ag an scoil ar an dul chun cinn atá déanta aici ar an uimhearthacht agus nuair atá plean feabhsúcháin scoile á cheapadh aici, is féidir leis an nascmhúinteoir matamaitice a bheith ina chuid/cuid den fhoireann FMS nó, go deimhin, is féidir leis/léi an próiseas FMS é féin a threorú. Cabhraíonn sé sin le tuiscint scoile uile ar an uimhearthacht agus le cur chuige scoile uile ina leith a fhorbairt agus cur chuige comhordaithe maidir le torthaí uimhearthachta na ndaltaí á chinntiú ag an am céanna.

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain - forbairt a dhéanamh ar bheartas agus ar iniúchóireacht sa Tuaisceart: 1

Bunaíodh coiste uimhearthachta ag a bhfuil ionadaithe ó gach réimse staidéir. Rinneadh beartas uimhearthachta a dhréachtú agus a chomhroinnt leis an bhfoireann ar fad. Déantar é sin a athbhreithniú agus a mhionathrú go rialta nuair is gá. Thug roinn na matamaitice oiliúint foirne uile chun comhsheasmhacht a chinntiú sa dóigh a ndéantar láimhseáil sonraí agus, go háirithe, líniú graf agus léirmhíniú ar ghraif a theagasc agus a chur i láthair agus comhsheasmhacht a chinntiú sa teanga a úsáidtear iontu. Ina theannta sin, chuir roinn na matamaitice oiliúint seirbhíse ar fáil a bhí dírithe ar a chinntiú go dtugann gach múinteoir spreagadh do dhaltaí cur chuige meabhrach/scríofa a úsáid agus ríomhanna á ndéanamh acu in ionad cead a thabhairt dóibh áireamhán a thabhairt amach. Dáileadh bileoga comhairle ar gach ball foirne maidir le láimhseáil sonraí chun comhsheasmhacht a chinntiú sa dóigh a dteagasctar í agus maidir le matamaitic mheabhrach lena moltar cineálacha cuir chuige um matamaitic mheabhrach agus lena spreagtar meas, ríomh agus seiceáil. Tá siad ar taispeánta i ngach seomra ranga.

Tugann roinnt mhaith scoileanna faoi iniúchadh ar an soláthar uimhearthachta don chéad chuid de phlean gníomhaíochta uimhearthachta agus is minic a athailínítear an uair a thugann roinn na matamaitice tús eolais ar thopaicí agus an uair a thugtar tús eolais orthu trí na príomhábhair iompróra de bharr an iniúchta sin. Tarlaíonn an dea-chleachtas nuair atá dóthain sonraí ag an bpróiseas iniúchóireachta ionas go gcruthaítear idirphlé gairmiúil atá dírithe ar na nithe a theagasctar, ar an dóigh a dteagasctar iad agus ar an dóigh is éifeachtaí a bhfoghlaímíonn daltaí.

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain - forbairt a dhéanamh ar bheartas agus ar iniúchóireacht sa Tuaisceart: 2

Chuir gach roinn/réimse staidéir iniúchadh uimhearthachta i gcrích lena luaitear topaicí de chineál matamaiticiúil a úsáideadh agus a teagascadh agus an bliainghrúpa agus an téarma a sainithníodh agus soláthraíodh samplaí oibre Eochairchéim 3. Rinneadh anailís ar thorthaí an iniúchta sin sna spriocanna gnóthachtála do na réimsí seo: uimhreas, ailgéabar, cruth, spás agus tomhais agus láimhseáil sonraí. Mar thoradh ar an anailís sin, cuireadh creataí matamaitice in oiriúint chun riachtanais ranna eile a chur san áireamh e.g. eolaíocht, tíreolaíocht, eacnamaíocht bhaile. Dréachtaíodh creataí le haghaidh gach roinne, ar creataí iad atá cosúil leo sin a úsáideann roinn na matamaitice, agus déantar iad a athbhreithniú agus a mhionathrú nuair is gá. Taispeántar na creataí sin taobh le creataí ábhair na múinteoirí féin. A mhéid is féidir, teagasctar topaicí sa rang matamaitice sula dtagtar orthu in ábhair eile. Nuair nach féidir déanamh amhlaidh, is féidir le baill de roinn na matamaitice bualadh le múinteoirí sula dteagascann siad topaic de chineál matamaiticiúil.

Scoil Ghramadaí Aontroma, Co. Aontroma - forbairt a dhéanamh ar bheartas agus ar iniúchóireacht sa Tuaisceart: 3

Imríonn an grúpa oibre um an uimhearthacht ról ríthábhachtach i dtionscnaimh scoile uile a bhaineann leis an uimhearthacht a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh. Bhain rud ar dhírigh an grúpa air le déanaí le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí san eolas matamaiticiúil agus sna scileanna matamaiticiúla atá ag daltaí i bpríomhréimsí ábhair ag Eochairchéim 4 agus ag Eochairchéim 5 araon. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, thug an comhordaitheoir uimhearthachta faoi iniúchadh foirne uile ar mhuintir uimhearthachta mar aon le hagallaimh aonair le ceannairí ábhair i bpríomhréimsí amhail eolaíocht, tíreolaíocht, staidéar gnó, etc. Dhírigh na cruinnithe aonair sin ar conas a thug na ranna sin faoin uimhearthacht maidir le caighdeánú na gcineálacha cuir chuige teagaisc, lena n-áirítear: téarmaíocht mhatamaiticiúil aitheanta a úsáid; tacaíocht do dhaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais; straitéisí le haghaidh iarrachta agus dúshlán; obair bhaile a úsáid chun scileanna uimhearthachta a chomhdhlúthú agus straitéisí eile a úsáideann ranna chun an uimhearthacht a chur chun cinn. Anuas air sin, rinne príomhábhair iompróra ar theastaigh acmhainní teagaisc breise uathu chun a n-ábhar matamaiticiúil atá sonrach don ábhar a sholáthar, rinne siad obair leis an gcomhordaitheoir uimhearthachta chun stór acmhainní leictreonacha a cheapadh. Is féidir úsáid a bhaint astu anois chun cabhrú leis an teagasc scileanna sonracha agus eolais shonraigh laistigh de réimsí ábhair aonair.

Mar an gcéanna, tugtar tús áite sa Deisceart don díriú ar chomhar múinteoirí chun eispéiris foghlama níos comhsheasmhaí agus níos comhleanúnaí do na daltaí a chinntiú.

Coláiste na Coille Móire, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath - forbairt a dhéanamh ar naisc thraschuraclaim sa Deisceart: 1

Baineadh úsáid as cur chuige coiteann maidir leis an uimhearthacht laistigh de scéimeanna oibre. Tá múinteoirí láneolach nach mór dóibh tuiscint a bheith acu ar an matamaitic a theastaíonn ina n-ábhar i bplé a n-ábhair féin. Glacann múinteoirí i ngach roinn ábhair leis anois go bhfuil freagracht orthu as tuiscint níos fearr ar an uimhearthacht a chur chun cinn agus a spreagadh agus as an deis a chur ar fáil do dhaltaí lena scileanna matamaiticiúla a úsáid laistigh dá réimse ábhair. Tá naisc thraschuraclaim curtha ar bun againn agus tacaímid le soláthar eochairscileanna matamaiticiúla agus coincheap matamaiticiúil i ranna ábhair eile ar aon dul le scéimeanna oibre roinn na matamaitice.

Coláiste Phort Laoise, Co. Laoise - forbairt a dhéanamh ar naisc thraschuraclaim sa Deisceart: 2

Rinne roinn na matamaitice suirbhé ar éilimh uimhearthachta na n-ábhar a thairgtear sa scoil chun naisc thraschuraclaim a shainaithint. Chuir an ghníomhaíocht sin ar chumas na roinne an plean ábhair atá le leanúint ag daltaí a choigeartú ach teagasc ábhar áirithe sa mhatamaitic a sceidealú le go ndéantar é i gcomhráth le clúdach na topaice sin in ábhair eile. Tugann sé sin deis do dhaltaí lena bhfoghlaím a ghinearálú agus lena scileanna matamaiticiúla a chur i bhfeidhm maidir le comhthéacsanna eile.

Meánscoil Phádraig, an Droichead Nua, Co. Chill Dara - forbairt a dhéanamh ar naisc thraschuraclaim sa Deisceart: 3

Ní thraschuraclaim atá san uimhearthacht agus tugtar spreagadh agus tacaíocht do chur chuige comhsheasmhach i measc gach roinne ábhair. Is próiseas orgánach é sin a éilíonn ar gach roinn teagmháil sheasmhach a dhéanamh le roinn na matamaitice. Áirítear le straitéisí thraschuraclaim ar chomhaontaíomar mar scoil orthu: teanga mhatamaiticiúil choiteann a bheith in úsáid ar fud na scoile; daltaí a spreagadh fiafraí díobh féin 'an féidir liom é a dhéanamh i mo mheabhair?'; cinneadh á dhéanamh ag múinteoirí ar cibé acu ba cheart do dhaltaí ríomhanna a dhéanamh ina n-aonar nó ba cheart dóibh áireamhán a úsáid; éileamh ar dhaltaí an próiseas a d'úsáid siad chun fadhb mhatamaiticiúil a réiteach a chosaint ó bhéal;

tionscadail mhatamaitice a úsáideann comhthéacsanna fíorshaoil a chruthú; club obair bhaile a bheith sa scoil a reáchtálann daltaí Idirbhliana ar moladh dóibh daltaí a spreagadh smaoineamh dóibh féin agus a scileanna réitithe fadhbanna a fhorbairt; agus réasúnaíocht loighciúil, úsáid sonraí/anailís sonraí agus breacadh graf a spreagadh mar chuid d'obair ranga.

6. Conas is eol do scoileanna gurb éifeachtach atá na nithe atá ar bun acu?

Próiseas comhoibritheach, cuimsitheach agus machnamhach i leith athbhreithniú inmheánach scoile is ea féinmheastóireacht scoile. Mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta, déanann gach duine de gheallsealbhóirí na scoile machnamh ar aidhmeanna na scoile agus déanann siad breithniú ar chritéir chun rath a thomhas de réir chomhthéacs agus éiteas na scoile. Is cur chuige fianaisebhunaithe í, rud a bhaineann le faisnéis a bhailiú ó raon foinsí éagsúla agus le breithiúnais a dhéanamh ar mhaithe le feabhsuithe a bhaint amach.

Ard scoil Mhuire, an tLúr, Co. an Dúin – féinmheastóireacht a dhéanamh sa mhatamaitic

Mar roinn matamaitice, oibrímid ar bhealach comhoibritheach chun a chinntiú go n-imríonn an timthriall feabhsaithe scoile uile agus an timthriall meastóireachta tionchar dearfach ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc, agus feabhas á chur ar eispéireas foghlama agus ar thorthaí foghlama na ndaltaí ag an am céanna. Tugaimid faoi dhianphróiseas féinmheastóireachta bunaithe ar a bheith ag obair le chéile i dtreo táscairí feabhais, rud a bhaineann le breithmheas a dhéanamh ar na pleananna gníomhaíochta straitéiseacha agus ar na pleananna gníomhaíochta oibriúcháin araon de chuid na roinne. Déanann gach ball den roinn machnamh ar a dteagasc agus ar fhoghlaim a ndaltaí le linn na bliana agus tá an méid sin le feiceáil sna meastóireachtaí deireadh bliana. Cuireann an Ceann Roinne na meastóireachtaí agus na moltaí faoi bhráid an príomhoide agus déantar plé orthu ina dhiaidh sin. Ag tús na bliana acadúla, sainaithnímid na príomhthosaíochtaí atá againn ó thaobh forbartha de, agus iad sin bunaithe ar an bplean forbartha scoile, ar thorthaí Eochairchéim 3 agus GCSE agus ar thorthaí an phróisis mheastóireachta.

Toisc gur rud uileláithreach í an uimhearthacht, téann sí i bhfeidhm ar dhul chun cinn na ndaltaí i ngach ábhar. Fágann sé sin gur gá cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith forbairt uimhearthachta, rud a thugann gach deis is féidir do dhaltaí a gcuid scileanna uimhearthachta a ghnóthú, a chur i bhfeidhm agus a chomhdhlúthú. Nuair a bhíonn forbairt uimhearthachta ar fud na scoile á breithniú acu, déanann scoileanna machnamh ar fheidhmíocht na ndaltaí sa réimse sin ar dtús agus leagann siad spriocanna fianaisebhunaithe le haghaidh feabhais síos ina dhiaidh sin.

Coláiste na Coille Móire, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath – sonraí feidhmíochta a úsáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh

Mar chuid dár gcuid oibre faoi DEIS, ba é ceann de na spriocanna a bhí againn de réir an dara Plean DEIS (2012-2015) triail inniúlachta uimhearthachta a dhearadh, a riar agus a anailísiú. Dearadh an triail sin chun inniúlacht uimhearthachta a thomhas bunaithe ar na cúig shnáithe de churaclam matamaitice na bunscoile agus ar Chúrsa Tosaigh Coiteann churaclam Thionscadal Mata araon. Tá staitisticí ar thorthaí na trialach inniúlachta á gcoinneáil agus á n-anailísiú ó 2011 i leith. Déantar faireachán ar an bhfeabhas i ngnóthachtáil sa triail sin chun a chinntiú go mbíonn na spriocanna sonracha faoin bplean DEIS á gcomhlíonadh.

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain – tógáil leabhar a úsáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim daltaí

Baintear leas as tógáil leabhar chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach cruinn scileanna uimhearthachta na ndaltaí ar fud an churaclaim, agus é mar aidhm léi a chinntiú go mbíonn na treoirlínte a thugtar don fhoireann maidir le sonraí a

láimhseáil agus maidir le modhanna ríofa á leanúint acu agus eolas a thabhairt d'fhorbairt amach anseo. Tugtar aiseolas i scríbhinn don fhoireann maidir le raon agus le caighdeán na hoibre uimhearthachta atá feicthe, mar shampla: an bhfuil fianaise ann go mbítear ag cloí leis an gcreat uimhearthachta agus go mbíonn an uimhearthacht á comhtháthú sna topaicí a theagasctar?; an bhfuil fianaise ann ar raon scileanna grafacha agus go mbítear ag cloí leis na bileoga oiliúna agus comhairle a chuirtear ar fáil?; agus an bhfuil fianaise ann ar úsáid modhanna meabhrach, scríofa agus áireamhain nuair is cuí? Agus sinn ag úsáid tógáil leabhar chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an uimhearthacht traschuraclaim sa scoil, cabhraítear linn caighdeáin ghnóthachtála a ardú.

Is ar chuid mhór bealaí éagsúla a bhailíonn scoileanna fianaise ar thorthaí do dhaltaí, do chleachtas múinteoirí agus d'éispéiris foghlama daltaí. Le linn an phróisis sin, breithníonn siad an fhianaise atá acu cheana féin agus sainaithníonn siad aon fhianaise eile a d'fhéadfadh bheith cabhrach. Sainaithníonn siad freisin na huirlisí a theastaíonn chun an fhianaise sin a fháil. Agus í sin faighte acu, déantar anailís ar an bhfianaise agus sainaithnítear na réimsí sin a bhfuil ag éirí go maith leo agus na réimsí sin ar gá aird a thabhairt orthu ina dhiaidh sin.

Coláiste Phort Laoise, Co. Laoise – faireachán agus meastóireacht as a dtagann tuilleadh gníomhaíochta

Comhaontaíodh go dtabharfaí an triail dhiagnóiseach uimhearthachta de chuid SFGM do dhaltaí atá sa chéad bhliain faoi láthair. Shainaithneofaí na réimsí le haghaidh feabhais san anailís ar thorthaí na trialach agus d'fhorbrófaí straitéis le haghaidh feabhas den sórt sin, lena n-áireofaí an cohórt daltaí a atriail, ina dhiaidh sin.

7. Cad iad na tosca eile a bhaineann le hábhar?

Meon na ndaltaí a fheabhsú

I gcás líon beag daltaí, is cosúil go bhfuil sé inghlactha dóibh an easpa spéise atá acu sa mhatamaitic agus an deacracht atá acu le staidéar a dhéanamh ar an matamaitic a chur in iúl. Tá bród ar dhaltaí áirithe as a rá nach féidir leo an mata a thuiscint nó nach bhfuil siad go maith ag an mata. Agus iad ag léiriú thuairimí a dtuismitheoirí i gcásanna áirithe, tá meonta den sórt sin dlúthnasctha le heaspa athléimneachta a bhíonn ann nuair a thagann siad ar fhadhbanna a théann thar ghnáthmhodhanna nó thar ábhar a ndearna siad staidéar air le déanaí. Is gá dul i ngleic go gníomhach leis an meon sin. Bhain na scoileanna ar tugadh cuairt orthu úsáid as straitéisí éagsúla ina leith sin, idir rath na ndaltaí i scrúduithe poiblí agus i gcomórtais mhatamaitice a cheiliúradh agus chuireadh a thabhairt d'iardhaltaí labhairt faoi na gnéithe matamaitice dá gcuid gairmeacha.

Coláiste Pobail Setanta, Baile Fiobail, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath – spéis a fhorbairt sa mhatamaitic: 1

D'fhonn feabhas a chur ar an litearthacht, tá eochairfhocail mhatamaiticiúla ar taispeánt ag gach múinteoir matamaitice ina seomra ranga. Tá foclóir maisithe matamaitice ar fáil do dhaltaí sna seomraí matamaitice. Tá póstaer agus ceisteanna matamaitice ar taispeánt ar fud na scoile. Leagtar amach ar roinnt de na póstaer sin na gairmeacha uile dá bhfuil tuiscint ar an matamaitic ag teastáil. Ceiliúrtar Seachtain na Matamaitice gach bliain agus eagraítear na nithe seo a leanas mar chuid di: quizeanna matamaitice, Drop Everything and Sudoku, puzal matamaiticiúil na seachtaine, tóraíocht taisce matamaitice do dhaltaí sa chéad bhliain agus an comórtas póstaer An bhfuil Súile Mata agat?, etc.

Scoil Ghramadaí Loreto, an Ómaigh, Co. Thír Eoghain – spéis a fhorbairt sa mhatamaitic: 2

Cuid dhílis eile dár gclár uimhearthachta is ea gníomhaíochtaí a bhaineann le gairmeacha agus le STEM. Cuirtear daltaí Bhliain 8 ar an eolas faoi STEM ón tús. Cuirtear próifílí STEM de chuid iardhaltaí ar taispeáint ar fud cuid mhór réimsí ábhair. I mbliana, thugamar cuireadh d'iardhaltaí a bhíonn ag obair i ngairmeacha a bhaineann le STEM teacht ar ais chun cur leis an oíche roghanna tar éis 16 bliana a eagraímid. Tugtar deis do dhaltaí os cionn 16 bliana d'aois teagmháil a dhéanamh le ríomhphost le mic léinn i roinnt cúrsaí ollscoile éagsúla freisin. Baineadh leas as gníomhaíochtaí traschuraclaim STEM lena ngabhann gné uimhearthachta. Cuireadh an bhéim ar thuilleadh daltaí a spreagadh spéis a chur i ngníomhaíochtaí matamaitice/uimhearthachta chomh maith. Áiríodh iad seo a leanas leis na gníomhaíochtaí tosaigh ar tugadh fúthu ina leith sin: clár fógraí uimhearthachta a raibh fíricí fionspéisiúla uimhreacha ar taispeáint orthu, suíomhanna Gréasáin ábhartha, ailt nuachta, gairmeacha, rannpháirtíocht mhéadaithe in imeachtaí amhail Sraith Peile Fantaisíochta, Dúshlán Mhatamaitice (Ollscoil Leeds), Mathématiques sans Frontières, Lá Domhanda na Matamaitice; agus leathanach uimhearthachta a chur ar áireamh in irisleabhar na scoile. Aithnítear éachtaí in imeachtaí uimhearthachta ag tionóil scoile agus ag an searmanas bronnta duaiseanna deireadh bliana.

Coláiste Phort Laoise, Co. Laoise – spéis a fhorbairt sa mhatamaitic: 3

D'fhonn meonta agus dearthaí daltaí i leith na matamaitice a athrú, thugamar roinnt tionscnamh isteach – Biongó Mata agus Lató Scoile ina measc.

Reáchtálann an rang Idirbhliana Biongó Mata ag am lóin ar an Luan. Baintear leas as sraith fadhbanna agus cothromóidí matamaiticiúla chun bunscileanna matamaiticiúla a fhorbairt i measc daltaí sa chéad bhliain. Gabhann cur chuige réidh sultmhar i leith na matamaitice leis sin, rud a chabhraíonn le daoine a spreagadh taitneamh a bhaint as an matamaitic. Chuir an rang Idirbhliana leis an tuiscint atá acu ar dhóchúlacht trí Lató na scoile a bhunú agus a riar. Seachas uimhir idir 1 agus 30 a roghnú amháin, is gá do gach dalta an ríomh a úsáideadh chun an uimhir sin a fháil a thaispeáint. Is gá an ríomh a bheith ceart chun gur féidir an duais a éileamh. D'fhonn dúshlán a chur ar dhaltaí ardleibhéil, iarradh orthu líon sonraíthe céimeanna a chur ar áireamh ina ríomhanna.

Mar aon leis an raon straitéisí thuas, cuireann scoileanna tionscnaimh chun cinn chun ról a thabhairt do thuismitheoirí i gcabhair a thabhairt dá leanaí an mhatamaitic a fhoghlaim agus a thuiscint. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú go bhfoghlaimíonn daltaí lasmuigh den seomra ranga freisin.

Ard scoil Mhuire, an tLúir, Co. an Dúin – ról a thabhairt do thuismitheoirí: 1

Is mór againn rannpháirtíocht thuismitheoirí i meon dearfach i leith na matamaitice agus na huimhearthachta a chur chun cinn ar fud an churaclaim. Tugtar Treoir Mhatamaitice do thuismitheoirí gach dalta i mbliain 8 sa chéad téarma. Chomh maith leis sin, tá páirt glactha ag thuismitheoirí i ranganna oíche chun feasacht a ardú ar straitéisí matamaitice in Eochairchéim 3.

Coláiste Phort Laoise, Co. Laoise – ról a thabhairt do thuismitheoirí: 2

Seoltar Bileoga Cabhrach abhaile do thuismitheoirí na ndaltaí sa chéad bhliain ag tús gach caibidle. Leagtar eochairfhocail agus coincheapa amach ar na bileoga agus taispeántar orthu samplaí léiritheacha le haghaidh topaicí sa chaibidil. Spreagtar leis na bileoga cabhrach rannpháirtíocht thuismitheoirí in oideachas matamaitice a linbh. Is féidir iad a úsáid freisin chun cabhrú le fadhbanna obair bhaile nó mar chúnamh staidéir roimh scrúduithe.

Dul i ngleic le deacrachtaí le linn aistrithe

Sa dá dhlínse, sainnithníodh gur mórchúiseanna le haischéimniú daltaí i matamaitic na bunscoile iad na hathruithe a thagann chun cinn le linn an aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Tugtar le fios in TIMSS agus in PISA, ar staidéir chomparáide idirnáisiúnta iad, gur féidir gur soiléire an t-aischéimniú sin sa Tuaisceart ná sa Deisceart. Sa bhliain 2010, chuir an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna suirbhé i gcrích inar féachadh ar an aistriú sin. Tarraingíodh aird ar an suirbhé sin sa leagan is déanaí de Thuarascáil an Phríomhchigire. Tá dul chun cinn déanta ag na scoileanna a bhí páirteach sa suirbhé maidir le dul i ngleic leis an bhfadhb thábhachtach sin.

Léirítear i dtaighde a d'fhoilsigh an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) sa bhliain 2007 gur as iontráil i meánscoileanna íochtaracha sa Deisceart a thagann meath de réir a chéile ar inspreagadh acadúil, ar fhéinbhraistint agus ar iompraíochtaí a bhaineann le scoil thar luathbhlianta an ógánaigh. Mar shampla, titeann céatadán na ndaltaí a mbíonn spéis acu in obair scoile go beagán os cionn 50% faoi dheireadh an dara bliain agus bíonn meon diúltach i leith obair bhaile ag céatadán den chineál céanna faoin am a bhaineann siad an tríú bliain amach. Má táthar chun gnóthachtáil níos airde a éascú agus daltaí a chosc ar mheonta diúltacha a fhorbairt i leith obair scoile, beidh gá ann le tionchar diúltach an aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a laghdú. D'fhonn dul i ngleic leis na fadhbanna sin, athraíodh na siollabais mhatamaitice/na sonraíochtaí matamaitice ag an dara leibhéal chun iad a nascadh níos gaire do shiollabas na matamaitice i gCuraclam na Bunscoile.

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain – scéimeanna oibre bunoidreachais agus iar-bhunoideachais a chomhroinnt

Bunaíodh naisc idir an scoil agus an bhunscoil fhriothálach áitiúil maidir leis an méid seo a leanas: (1) straitéisí a fhorbairt chun comhleanúnachas agus dul chun cinn a fhorbairt ar fud Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3; agus (2) faisnéis agus saineolas a chomhroinnt faoin gcuraclam uimhearthachta. Bíonn tuiscint níos soiléire ag múinteoirí Eochairchéim 3 ar inniúlachtaí daltaí ar a n-iontráil ar mheánscoil agus bíonn siad in ann cur ar bhealach níos éifeachtaí le gnóthachtáil roimhe na ndaltaí. Trí scéimeanna oibre a chomhroinnt, ní bhíonn gá le hobair a athdhéanamh le daltaí bhliain 8. Chomh maith leis sin, tá creataí do bhliain 7 agus do bhliain 8 ar taispeáint taobh le taobh sna seomraí ranga. Ghlac daltaí bhliain 7 páirt roinnt uaireanta in obair imscrúdaitheach in éineacht le daltaí bhliain 8 (iardhaltaí na scoile) agus le daltaí bhliain 14. Tá sé mar aidhm againn comhpháirtíochtaí a fhorbairt tuilleadh le bunscoileanna friothálacha, rud a chuirfidh feabhas ar leanúnachas na foghlama; beidh cur amach níos fearr ag múinteoirí iar-bhunscoile ar stíleanna teagaisc agus foghlama ar leibhéal na bunscoile agus vice versa dá bharr sin.

Ardcoil Mhuire, an tIúr, Co. an Dúin – iniúchadh a dhéanamh ar thuairimí daltaí ar aistriú

Tá caidreamh oibre dearfach forbartha againn lenár mbunscoileanna friothálacha agus tá cruinnithe curtha ar siúl againn chun plé a dhéanamh ar an dóigh a soláthraítear ceachtanna matamaitice in Eochairchéim 2 agus in Eochairchéim 3. Gach bliain, déanann daltaí i mbliain 8 agus i mbliain 11 ceistneoir a chomhlánú, rud lena dtugtar léargas ar na heispéiris foghlama ag céimeanna aistrithe agus lena dtugtar eolas do phleanáil amach anseo. Glacann daltaí bhliain 13 páirt gach bliain sa Chlár Meantóireachta Mata inár bpríomh-bhunscoileanna friothálacha. Freastalaíonn na daltaí ar a nasc-bhunscoileanna gach seachtain chun tacú le daltaí nó le grúpaí aonair trí Chlár Athdheise bhliain 2 nó trí thacaíocht uimhearthachta. Faighimid aiseolas an-dearfach faoin taitneamh a bhaineann na leanaí as sin agus faoin muinín mhéadaitheach a bhíonn acu as a gcumas sa mhatamaitic. Úsáidtear trialacha chun dul chun cinn na leanaí a thomhas.

Scoil Ghramadaí Aontroma, Co. Aontroma – cur le foghlaim roimhe sa chéad bhliain

D'fhonn leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú maidir le scileanna matamaiticiúla agus uimhriúla, thug roinn na matamaitice faoi athbhreithniú ar chlár staidéir Eochairchéim 2 i gcomhar le comhghleacaithe bunscoile. Chabhraigh an méid sin lena chinntiú gur dhaingnigh siollabas bhliain 8 an t-eolas a bhí ann cheana agus gur thug sé deiseanna an fhoghlaim a leathnú tuilleadh. Chabhraigh an t-aiseolas ó shuirbhéanna ar thuismitheoirí dhaltaí bhliain 8 lena dheimhniú go mbíonn dul chun cinn á léiriú ag daltaí in eolas matamaitice agus i scileanna matamaiticiúla araon agus, rud is tábhachtaí fós, go mbíonn an mhúinteoir atá acu sa gcumas sa mhatamaitic ag méadú freisin.

Mar aon le naisc dhíreacha le scoileanna friothálacha, is eol do na scoileanna go léir na deacrachtaí ar féidir leo teacht chun cinn sa chéad bhliain ar iar-bhunscoil. Mar sin, tá tionscnaimh i bhfeidhm acu, nó tá tionscnaimh á bpleanáil acu, chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin.

Sna cásanna is fearr, coinnítear naisc an-mhaith ar bun leis na bunscoileanna friothálacha lena mbaineann agus bíonn tuiscint mhaith ann ar riachtanais oideachais agus ar riachtanais eile na ndaltaí sula dtagann siad isteach sa scoil. Úsáidtear próiseas trialach cuí chun inniúlachtaí matamaiticiúla na ndaltaí atá ag teacht isteach a chinneadh agus, seachas feidhmíocht daltaí a thomhas, sainiúnaítear san anailís ar thorthaí an mheasúnaithe réimsí ina dteastaíonn ionchur breise ó dhaltaí le linn na chéad bhliana. Sainiúnaítear réimsí ina bhfuil feidhmíocht an-láidir freisin. Léirítear torthaí na hanailíse in ábhar, i sceideal agus i measúnú an chlár mhatamaitice do dhaltaí chéad bhliana agus sa tacaíocht uimhearthachta traschuraclaim a fhaigheann siad.

Coláiste Pobail Setanta, Baile Fíobail, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath – ról a thabhairt do dhaltaí in uimhearthacht a fheabhsú ar fud ábhair éagsúla sa chéad bhliain

Tá an fhoireann litearthachta agus uimhearthachta ag smaoineamh faoi láthair ar leabhrán teanga, litearthachta agus uimhearthachta a chruthú do dhaltaí atá ag teacht isteach sa chéad bhliain, leabhrán a bheidh ina phointe tagartha ó thaobh eochairfocal agus teicnící de. Tabharfaimid cóip do gach múinteoir freisin. Ba cheart go gcuimseofaí leis an leabhrán cineálacha coitianta cur chuige i leith ábhar e.g. déileáil le codáin, le deachúlacha, le céatadáin, le toisí, etc., ionas go mbímid go léir ag teagasc an mhodha chéanna chun nach gcuirfead mearbhall ar na daltaí. Tá daltaí Idirbhliana ag obair air sin san am i láthair.

Aghaidh a thabhairt ar riachtanais daltaí

Tugann gach ceann de na scoileanna a bhí páirteach sa suirbhé ardtosaíocht d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaltaí sin a thiteann ar gcúl i gcomparáid lena bpiaraí. Imríonn trialacha caighdeánaithe agus measúnuithe inmheánacha ról lárnach maidir lena fháil amach cé acu is tearcghnóthachtáil í an ghnóthachtáil íseal nó nach ea, is é sin, daltaí ag feidhmiú faoi bhun na hacmhainne atá acu mar a thugtar le fios sa lánfhianaise atá ar fáil, lena n-áirítear breithiúnas gairmiúil na múinteoirí. Is é an dea-chleachtas breithiúnas gairmiúil a úsáid in éineacht le sonraí rianúcháin, ní amháin i measc múinteoirí matamaitice amháin, ach i measc na múinteoirí uile, go háirithe múinteoirí na bpríomhábhar iompróra.

Is féidir tacaíocht a thabhairt ar go leor bealaí éagsúla. De réir an dea-chleachtais, ba cheart an tacaíocht a phleanáil go maith, trí Phlean Oideachais don Dalta Aonair lena ngabhann gné uimhearthachta, b'fhéidir, nó trí cheann ina ndírítear ar chúrsaí uimhearthachta amháin.

Scoil Ghramadaí Loreto, an Ómaigh, Co. Thír Eoghain – tacaíocht duine le duine a thabhairt

Is i roinnt formáidí a bhaintear leas as tacaíocht uimhearthachta. In Eochairchéim 3, teagasctar do dhaltá i ranganna cumais mheasctha. Daltá a bhfuil an gá is mó acu le tacaíocht bhreise, mar a shainaithnítear trí thagarmharcáil agus trí shonraí rianúcháin, baineann siad leas as sliotán seachtainiúil duine le duine leis an múinteoir tacaíochta uimhearthachta. Is féidir daltá den sórt sin a bheith sainaitheanta ag aon roinn ar bith ina dtagann laige san uimhearthacht chun solais. Mar shampla, bhain daltá a bhfuil laige acu i ngrafobair san eolaíocht leas as tacaíocht bhreise. Cuirtear Pleananna Oideachais pearsantaithe don Dalta Aonair le chéile do na daltá sin i gcomhairle leis an dalta, leis an tuismitheoir, leis an múinteoir ábhair, leis an múinteoir matamaitice, leis an gcomhordaitheoir uimhearthachta agus leis an gComhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais ar mhaithe le freastal ar riachtanais shonracha na ndaltá lena mbaineann. Tá piarmheantóireacht ó dhaltá matamaitice Leibhéal AS i mbliain 13 ar fáil freisin do dhaltá eile Eochairchéim 3 atá ag streachailt le topaicí ar leith.

Meánscoil Phádraig, an Droichead Nua, Co. Chill Dara – faisnéis feidhmíochta a úsáid chun feidhmíocht a scagadh, a dhiagnóisiú agus a thomhas

Maidir leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta agus le Ciorclán 0025/2012 ón Roinn Oideachais agus Scileanna, bhí sé mar aidhm againn béim láidir a chur agus a choinneáil ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht laistigh de churaclam cothrom leathan a fhreastalaíonn ar riachtanais gach dalta aonair.

Déanann ár mbunscoileanna friothálacha cóip den chárta tuairisce deireadh bliana de chuid gach dalta a sheoladh chugainn, rud ina gcuimsítear faisnéis faoi fheidhmíocht an dalta i dtrialacha caighdeánaithe san uimhearthacht agus sa litearthacht. Bainimid úsáid as na sonraí sin ansin chun cabhrú linn féinmheastóireacht a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus pleananna feabhsúcháin scoile a dhréachtú. Úsáidtear na sonraí sin mar thagarmharc a dtomhaistear dul chun cinn an dalta sa litearthacht agus san uimhearthacht ina choinne. Ina theannta sin, úsáidtear CATanna chun gach dalta a bheidh ag teacht isteach sa chéad bhliain a thriail. Cuirtear na trialacha ar siúl i mí na Bealtaine roimh aistriú na ndaltá chuig an scoil. Is leis na trialacha sin a chinntear cumas an dalta ó thaobh scileanna uimhearthachta, briathartha agus neamhbhriathartha (feasacht ar spásúlacht) de. Is leis na trialacha sin freisin a tharraingítear aird ar thearcghnóthachtáil daltá i ngach ceann de na réimsí thuas. Baineann an-tábhacht leis an méid sin maidir le cur ar chumas na roinne acmhainne Pleananna Oideachais don Dalta Aonair a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais na ndaltá sin.

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain – faisnéis feidhmíochta a úsáid chun dul chun cinn a rianú, spriocanna a leagan síos agus straitéisí a shainaithint

Baintear leas as na torthaí ar thrialacha múnlaiteacha measúnaithe agus ar thrialacha caighdeánaithe (CATanna, NFER, etc.) chun dul chun cinn daoine aonair, ranganna agus bliainghrúpaí a rianú. Chomh maith leis sin, cuireann an Ceann Roinne scarbhileog le chéile maidir le gnóthachtáil uimhearthachta daltá agus scaiptear í ar an bhfoireann ar fad, rud a thugann eolas do phleanáil uimhearthachta ar fud na ranna uile. Baintear leas as na sonraí atá ar fáil chun spriocanna cuí a leagan síos, chun caighdeán a ardú agus chun spriocanna agus straitéisí uimhearthachta a shainaithint i bPleananna Oideachais don Duine Aonair. Bíonn cruinniú seachtainiúil ann idir an comhordaitheoir uimhearthachta, an Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais agus an príomhoide.

Baineann cuid mhór scoileanna úsáid as daltaí chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil. Le linn na gcuartheanna, bhí sé soiléir go mbaineann na daltaí a chuireann an tacaíocht ar fáil an-tairbhe as an eispéireas sin. Ní hé amháin go mbíonn sé chun tairbhe dá muintín, ach cuireann sé feabhas ar a gcuid scileanna uimhearthachta féin freisin. I gcásanna dea-chleachtais, cuirtear oiliúint ar chúntóirí ranga (nó ar chúntóirí tacaíochta foghlama) tacaíocht uimhearthachta shonrach a sholáthar.

Ard scoil Mhuire, an tLú, Co. an Dúin – daltaí agus cúntóirí a úsáid chun tacaíocht a sholáthar

Baineann roinn na matamaitice úsáid as sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla chun daltaí a bhíonn ag tearcfeidhmiú sa mhatamaitic a shainaithint tuilleadh agus baineann siad leas as raon straitéisí idirghabhála chun tacú le daltaí. Cuirtear oiliúint ar dhaltaí Bhliain 14 mar chomhpháirtithe foghlama agus mar mheantóirí matamaitice chun tacú le daltaí i mbliain 8 agus i mbliain 9. Oibríonn siad le daltaí aonair nó le grúpaí beaga i gceachtanna matamaitice agus thuairiscigh na daltaí gur cuireadh leis an muintín atá acu as an matamaitic, leis an taitneamh a bhaineann siad as an matamaitic agus leis an tuiscint atá acu ar an matamaitic dá bharr sin. Is mór againn an ról tábhachtach a imríonn cúntóirí ranga maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí sa mhatamaitic a fhoghlaim agus maidir le muintín na ndaltaí ina leith sin a fhorbairt. Go dtí seo, tá oiliúint agus scileanna breise tugtha ag comhairleoirí de chuid an CASS agus ag an gcomhordaitheoir uimhearthachta do gach cúntóir ranga, agus é mar aidhm tacú le tuiscint na ndaltaí ar choincheapa matamaiticiúla. Glacann gach duine dár gcúntóirí ranga páirt in oiliúint inseirbhíse scoile uile ar straitéisí um measúnú chun foghlama. Díriodh i mbliana ar úsáid a bhaint as ceisteanna éifeachtacha agus as piarmheasúnú agus as féinmheasúnú.

Feabhas a chur ar líofacht agus ar bheachtas daltaí ó thaobh uimhreacha de

Cé go nglacann siad leis go mbíonn i bhfad níos mó i gceist leis an uimhearthacht ná líofacht i bhfíricí uimhreacha a mheabhrú agus beachtas san áireamh, shainaithin na scoileanna a bhí páirteach sa suirbhé gur réimsí lena bhforbairt iad an dá scil saoil sin.

Coláiste Pobail Setanta, Baile Fiobail, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath – an mhatamaitic ó mheabhair a chur chun cinn

Rinneamar staidéar ar mheonta daltaí chun a gcuid meonta i leith na matamaitice agus na huimhearthachta a mheasúnú. D'iarramar orthu réimsí ina raibh deacrachtaí acu a shainaithint freisin. Sainaithníodh céatadán mar réimse faidhbe do dhaltaí agus, dá bharr sin, bhí sé mar aidhm uimhearthachta againn sa bhliain 2013-2014 feabhas a chur ar scileanna meabhairuimhríochta na ndaltaí.

Mar chuid de thionscnamh amháin, is mar chodán a chuireann na múinteoirí uile torthaí trialacha ar fáil do na daltaí. Iarrann na múinteoirí ar na daltaí ansin an céatadán a fuair siad a ríomh leo féin. Is cur chuige scoile uile é sin: baineann na múinteoirí uile úsáid as an aon mhodh chun codáin a thiontú ina gcéatadán. Chomh maith leis sin, déanann na daltaí ocht ríomh mheabhairuimhríochta ghearra (2 cheann a bhaineann le suimiú, 2 cheann a bhaineann le dealú, 2 cheann a bhaineann le hionúlú agus 2 cheann a bhaineann le roinnt) a chur i gcrích ag tús gach ceachta matamaitice. Iarradh ar mhúinteoirí na n-ábhar eile freisin na daltaí a spreagadh ríomhanna bunúsacha a chur i gcrích gan áireamhán nuair a bhí deis ann déanamh amhlaidh le linn ceachtanna.

Tarlaíonn sé go minic go gceadaítear do dhaltaí áireamhán a úsáid go róréidh in ábhair seachas an mhatamaitic, rud a chuireann deiseanna amú chun scileanna áirimh ó mheabhair agus scileanna áirimh scríofa na ndaltaí a choinneáil ar bun agus a dhaingniú. Léirítear san fhianaise ó chigireachtaí bunscoile sa Tuaisceart go mbíonn scileanna matamaitice ó mheabhair á gcur chun cinn trí dheiseanna pleanáilte agus teagmhasacha. Mar sin féin, tugtar

le fios san fhianaise freisin nach gcuirtear na scileanna sin chun cinn chomh maith céanna in iar-bhunscoileanna.

Scoil Ghramadaí Loreto, an Ómaigh, Co. Thír Eoghain – úsáid éifeachtach an áireamhán a chur chun cinn

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an bhfoireann in 2005, rinneadh na forbairtí seo a leanas ar bhonn scoile uile: ar an gcéad dul síos, tugadh áireamhán comhchoiteann isteach, agus doiciméad gaolmhar do dhaltáí ag gabháil leis chun tacú lena úsáid i ngach réimse ábhair riachtanach; agus, ar an dara dul síos, tosaíodh ag úsáid na matamaitice ó mheabhair a mhéid ab fhéidir ar fud an churaclaim.

Glactar leis go forleathan gur scil an-tábhachtach é meastachán roimh an ríomh agus ina dhiaidh agus gur féidir leis cur le feidhmíocht sa bhreiseoideachas agus i saol na hoibre araon. Mar shampla, is minic a mhaíonn fostóirí nach bhfuil ‘tuiscint ar uimhreacha’ ag fostaithe nua i gcásanna ina dteipeann orthu a fheiceáil gur mícheart amach is amach atá freagra ar leith. I mórán scoileanna, is sa rang matamaitice a theagasctar scil an mheastacháin. Mar sin féin, cé go gcailltear deiseanna chun an scil sin a chur i bhfeidhm in ábhair eile, cailltear deiseanna chun déanamh amhlaidh sa mhatamaitic féin freisin.

Sa Deisceart, tionscnamh a chuirtear chun cinn i scoileanna atá ag díriú ar an uimhearthacht mar chuid dá bpróiseas féinmheastóireachta scoile is ea *Meas, Ríomh, Seiceáil* a úsáid. Tríd an tionscnamh sin, iarrtar ar na daltaí toradh na ríomhanna a dtagann siad i dteagmháil leo i gceachtanna go minic a mheas, an ríomh a dhéanamh agus, ar deireadh, a bhfreagraí a sheiceáil le háireamhán. Tugann an méid sin léirthuisicint níos fearr do na daltaí d’airíonna na n-uimhreacha agus ar an tionchar a imríonn oibríochtaí coiteanna ar mhéid na n-uimhreacha.

Foghlaim na matamaitice a shaibhriú le TFC

Cé go raibh an t-áireamhán leictreonach ar an aon chineál teicneolaíochta a bhí ar fáil go réidh san am atá thart, is féidir le múinteoirí agus le daltaí leas a bhaint as raon bogearraí cineálacha agus sonracha ar raon teicneolaíochtaí crua-earraí a bhíonn ag méadú i gcónaí. Glactar go ginearálta leis go ngabhann cuid mhór tairbhí le teicneolaíocht den sórt sin a úsáid go cuí. Tá na scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé ar an eolas go hiomlán faoi na tairbhí sin.

Ard scoil Mhuire, an tLúr, Co. an Dúin – TFC a úsáid

Baintear úsáid fhairsing as TFC inár roinn agus ar fud an churaclaim. Bíonn suim agus ról ag daltaí ina gcuid foghlama nuair a úsáideann siad na cláir bhána idirghníomhacha. Faigheann daltaí agus múinteoirí rochtain éasca ar uirlisí agus ar acmhainní matamaitice – agus úsáideann siad iad go héasca – ar bhealach idirghníomhach chun tacú leis an bhfoghlaim. Freagraíonn daltaí go dearfach don raon leathan bogearraí matamaitice atá ar fáil sa scoil agus sa bhaile, lena n-áirítear aipeanna iPad, Maths Watch agus Numeracy Workout, ar mhaithe le coincheapa a theagasctar sa rang a athneartú agus ar mhaithe leis an bhfoghlaim neamhspleách a spreagadh.

Mar sin féin, is ag céim an-luath go fóill atá sain-bhogearraí matamaitice ar nós GeoGebra lena dtugtar deis do dhaltáí iniúchadh a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach laistigh de thírdhreach comhtháite matamaitice. Agus bogearraí dinimiciúla á n-úsáid acu, athraítear an dóigh ina dtéann daltaí i dteagmháil leis an matamaitic agus an dóigh ina dtuigeann siad í toisc go dtugtar deis do mhúinteoirí tascanna ceannoscailte ilchisealacha lena gcuirtear iallach ar na daltaí hipitéisí a fhorbairt, a réasúnaíocht a thriail agus tátail a bhaint. Is féidir le bogearraí den sórt sin na coincheapa is deacra a dhéanamh níos inrochtana do dhaltáí freisin trí dheis a thabhairt dóibh na dálaí a ghabhann le feidhmeanna nó le gaolta eile a ionramháil agus breathnú ar an tionchar a thagann chun cinn.

Is fiú a thabhairt faoi deara freisin nach gcuireann úsáid TFC i gcónaí le foghlaim na matamaitice agus gur mó an t-olc ná an maith í i gcásanna áirithe. Bíonn sé sin fíor go háirithe i gcásanna ina n-úsáidtear TFC chun freastal ar chuspóirí cúnga nach bhfuil mar aidhm leo eolas matamaiticiúil, tuiscint mhatamaiticiúil ná scileanna matamaiticiúla na ndaltaí a dhoimhniú.

8. An bealach chun cinn

Tá mórstraitéisí forbartha agus seolta ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí chun feabhas a chur ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht. Glacann an dá straitéis dearcadh leathan ar cad is uimhearthacht ann agus leagann siad araon an-tábhacht ar iniúchadh, ar shamhaltú, ar réasúnú, ar mhíniú, ar réiteach fadhbanna agus ar smaointeoireacht mhatamaiticiúil.

Má tá ár gcuid daltaí chun scileanna uimhearthachta a ghnóthú a chuirfidh ar a gcumas smaoineamh go criticiúil, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus rannchuidiú iomlán a chur leis an tsochaí seo a bhíonn ag éirí níos saibhre ó thaobh sonraí de i gcónaí, ní mór do scoileanna a chinntiú:

- go bhfaigheann a gcuid daltaí taithí ar oideolaíocht mhatamaiticiúil ar ardchaighdeán i gceachtanna, faoi mar atá achoimrithe i rannán 3;
- go ndéanann múinteoirí ábhar eile prionsabail an tsoláthair éifeachtaigh uimhearthachta atá leagtha amach i rannán 4 a leanúint agus a chur chun cinn;
- go ndéanann na múinteoirí, na ceannairí ábhair agus na ceannairí scoile forbairt agus cur chun cinn ar chur chuige traschuraclaim atá comhordaithe agus comhleanúnach i leith eispéiris foghlama matamaitice a gcuid daltaí, mar atá léirithe i rannán 5;
- go ndéanann na ceannairí ábhair agus na ceannairí sinsearacha féinmheastóireacht ar an soláthar uimhearthachta, mar atá pléite i rannán 6, ar mhaithe le feabhas a bhaint amach agus a chothú; agus
- go mbreithnítear na tosca breise atá ar áireamh i rannán 7 agus go ndéantar gníomh orthu, go háirithe an gá atá ann le feabhas a chur ar mheonta a gcuid daltaí i leith na matamaitice.

Is é atá taobh thiar den obair sin ar fad ná an tuiscint seo a leanas: *'Maths is fun – hard fun: it's not a trivial pursuit'*⁵. Is gá tuiscint comhchoiteann a bheith ag scoileanna gur cheart daltaí a spreagadh spéis a chur i ngníomhaíochtaí dúshlánacha matamaiticiúla agus nár chóir iad a chur uathu – tá an tuiscint sin ar an mbonn don méid ard ar féidir lena gcuid daltaí dul sa tóir air agus a bhaint amach ar deireadh thiar.

⁵ le Seymour Papert, athráite ag Celia Hoyles ag ICME11 sa bhliain 2008.

Scoileanna rannpháirteacha

Tugadh cuairt ar na scoileanna seo a leanas agus chuir siad go léir teachtaireacht leis an bpáipéar seo:

Scoil Ghramadaí Aontroma, Co. Aontroma, ar scoil chomhoideachais do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois í. Freastalaíonn thart ar 750 dalta ar an scoil.

Ardscoil Mhuire, an tIúr, Co. an Dúin, ar scoil cailíní do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois í. Freastalaíonn thart ar 550 dalta ar an scoil.

Coláiste Phort Laoise, Co. Laoise, ar scoil chomhoideachais do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois é. Freastalaíonn thart ar 350 dalta ar an scoil.

Coláiste Pobail Setanta, Baile Fiobail, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, ar scoil chomhoideachais do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois é. Freastalaíonn thart ar 800 dalta ar an scoil.

Chuir na scoileanna seo a leanas teachtaireacht ar fáil:

Coláiste an Déin Mhig Oirc, an Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain, ar scoil chomhoideachais do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois é. Freastalaíonn thart ar 490 dalta ar an scoil.

Coláiste Chnoc an Dúin, Lios na gCearrbhach, Co. an Dúin, ar scoil chomhoideachais do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois é. Freastalaíonn thart ar 900 dalta ar an scoil.

Scoil Ghramadaí Loreto, an Ómaigh, Co. Thír Eoghain, ar scoil cailíní do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois í. Freastalaíonn thart ar 900 dalta ar an scoil.

Coláiste na Coille Móire, Baile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, ar scoil chomhoideachais do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois é. Freastalaíonn thart ar 320 dalta ar an scoil.

Meánscoil Phádraig, an Droichead Nua, Co. Chill Dara, ar scoil buachaillí do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois í. Freastalaíonn thart ar 700 dalta ar an scoil.

Meánscoil an Chroí Naofa, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, ar scoil cailíní do dhaltáí idir 11-18 bliain d'aois í. Freastalaíonn thart ar 350 dalta ar an scoil.

Córais scoile

Gnáthraon Aoise	Deisceart na hÉireann	Tuaisceart na hÉireann
10-11	Bunscoil – Rang a Cúig	Bunscoil – bliain 7 Matamaitic a Úsáid (Leibhéal Dul Chun Cinn: 1 go 5)
11-12	Bunscoil – Rang a Sé	bliain 8 – Eochairchéim 3
12-13	An tSraith Shóisearach – An chéad bhliain	bliain 9 – Eochairchéim 3
13-14	An tSraith Shóisearach – an dara bliain	bliain 10 – Eochairchéim 3 Matamaitic a Úsáid (Leibhéal Dul Chun Cinn: 1 go 7)
14-15	An tSraith Shóisearach – an tríú bliain An Teastas Sóisearach ag an mBonnleibhéal, ag an nGnáthleibhéal nó ag an Ardleibhéal. Ní chuirtear an Bonnleibhéal ar fáil ach amháin don Ghaeilge agus don Mhatamaitic	bliain 11 – Eochairchéim 4
15-16	An Idirbhliain (Neamhéigeantach)	bliain 12 – Eochairchéim 4 GCSE ag an mBonnleibhéal nó ag an Ardleibhéal
16-17	An tSraith Shinsearach – An cúigiú bliain	bliain 13 – an séú bliain GCE (Leibhéal AS)
17-18	An tSraith Shinsearach – An séú bliain An Ardteistiméireacht ag an mBonnleibhéal, ag an nGnáthleibhéal nó ag an Ardleibhéal. Ní chuirtear an Bonnleibhéal ar fáil ach amháin don Ghaeilge agus don Mhatamaitic	bliain 14 – an séú bliain GCE (Ardleibhéal)

Foilseacháin ábhartha

Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol, an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011

http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/lit_num_strategy_full.pdf

Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012, an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012

<https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/Chief-Inspector%E2%80%99s-Report-2010-2012-Main-Report.pdf>

Taighde ar thionchar Thionscadal Mata ar ghnóthachtáil, foghlaim agus spreagadh daltaí, an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais, 2013

<http://www.ncca.ie/en/Conference/Impact-of-Project-Maths-Final.pdf>

Cleachtais Éifeachtacha Litearthachta agus Uimhearthachta i Scoileanna DEIS, an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2009

http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/insp_deis_effective_literacy_and_numeracy_09_pdf.pdf

Moving Up. The Experiences of First-Year Students in Post-Primary Education, Liffey Press, 2004

Pathways through the Junior Cycle: the Experience of Second Year Students, Liffey Press, 2006

Gearing Up for the Exam: The Experience of Junior Certificate Students, Liffey Press, 2007

Comhthuarascáil ón gCigireacht Oideachais agus Oiliúna agus ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ar an Dóigh is Fearr chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú inár Scoileanna, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2010

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2010/a-joint-report-by-eti-and-des-on-how-best-to-promote-and-improve-literacy-and-numeracy-in-our-schools-dec-2010.pdf>

Comhair, Léigh Leat: Éireoidh, an Roinn Oideachais, 2011

http://www.deni.gov.uk/count_read_succeed_a_strategy_to_improve_outcomes_in_literacy_and_numeracy.pdf

Gach Scoil ina Scoil Mhaith, an Roinn Oideachais, 2009

http://www.deni.gov.uk/esags_policy_for_school_improvement_-_final_version_05-05-2009.pdf

Le Chéile i dTreo an Fheabhsúcháin (Iar-bhunscoil), an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2009

<http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-post-primary.pdf>

Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2012

<http://www.etini.gov.uk/index/support-material/support-material-general-documents-non-phase-related/the-chief-inspectors-report/ci-report-2012.pdf>

An Mhatamaitic Níos Fearr, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2006

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-post-primary/surveys-evaluations-post-primary-2007/better-mathematics-evaluation-and-prompts-for-self-evaluation-and-improvement-in-post-primary-schools.pdf>

Tráchtairacht ar Theagasc na Matamaitice in Iar-bhunscoileanna, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2007

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-post-primary/surveys-evaluations-post-primary-2007/commentary-on-post-primary-mathematics-teaching.pdf>

Aistriú sa Mhatamaitic: an bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2010

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-post-primary/surveys-evaluations-post-primary-2010/transition-in-mathematics-primary-to-post-primary.pdf>

Dul Chun Cinn ar na Moltaí sa Mhatamaitic Níos Fearr, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2010

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-post-primary/surveys-evaluations-post-primary-2010/follow-up-to-better-mathematics.pdf>

Suirbhé ar an Dea-Chleachtas i mBéarla agus sa Mhatamaitic in Iar-bhunscoileanna, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2013

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-post-primary/surveys-evaluations-post-primary-2013/best-practice-in-english-and-mathematics-in-post-primary-schools.pdf>